Think Measles leaflet – Irish
July 2024
HSE National Immunisation Office

# Smaoinigh ar Bhruitíneach

# Faisnéis faoi bhruitíneach agus faoin vacsaín MMR

## Cad is bruitíneach ann?

Is galar an-tógálach í an bhruitíneach a bhféadfadh aimhréidheanna tromchúiseacha a bheith mar thoradh uirthi, go háirithe i measc leanaí atá faoi bhun 12 mhí d'aois, mná torracha, agus daoine nach bhfuil a gcóras imdhíonachta ag obair go maith.

## Cad í an imní faoin mbruitíneach in 2024?

Tá tuairiscí maidir le go leor cásanna den bhruitíneach san Eoraip. Tá ráigeanna den bhruitíneach i Sasana, sa Rómáin agus i dtíortha eile. Tá an bhruitíneach an-tógálach agus tá imní ann go scaipfidh an bhruitíneach go tíortha eile, Éire ina measc.

## Cad iad comharthaí na bruitíní?

D'fhéadfadh ionfhabhtú bruitíní a bheith mar bhonn le fiabhras ard, toinníteas, riníteas agus casacht sula bhforbraíonn gríos na bruitíní ó chúl na gcluasa agus sula scaipeann sé ar fud an stoic agus na ngéag thar thréimhse trí nó ceithre lá. Téann siomptóim i bhfeabhas ó 2 lá tar éis don ghríos leathnú mura dtéann rudaí in aimhréidh.

## Cad iad na deacrachtaí a bhaineann leis an mbruitíneach?

Tagann aimhréidheanna chun cinn i leith duine amháin as gach triúr a dtagann an bhruitíneach orthu. Is dóichí go dtiocfadh aimhréideanna chun cinn i leith leanaí óga faoi bhun 5 bliana d'aois. I measc na n-aimhréidheanna, tá:

- **Ionfhabhtuithe cluaise.** Tiocfaidh sé seo ar dhuine amháin as gach deichniúr a dtagann an bhruitíneach orthu.
- **Niúmóine.** Tiocfaidh fo-iarsma tromchúiseach amhail niúmóine ar dhuine amháin as gach fiche duine a dtagann an bhruitíneach orthu.
- **Trithí.** Tiocfaidh sé seo ar dhuine amháin as gach 200 duine a dtagann an bhruitíneach orthu.
- **Athlasadh na hinchinne (einceifealaíteas).** Tiocfaidh sé seo ar dhuine amháin as gach 1,000 duine a dtagann an bhruitíneach orthu.

Ar an drochuair, gheobhaidh duine amháin as gach 1,000 duine a dtagann an bhruitíneach orthu bás, fiú amháin má fhaigheann siad an cúram is fearr. Chomh maith leis sin, go hannamh, d'fhéadfadh an bhruitíneach a bheith mar bhonn le hathlasadh ainsealach marfach inchinne ar a dtugtar pain-einceifealaíteas scléaróiseach meathghéar.

## Céard é ainm na vacsaíne MMR?

Is é Priorix nó MMRVaxPro ainm na vacsaíne MMR.

## Cad iad na galair a dtugann an vacsaín MMR cosaint orthu?

Cosnaíonn an vacsaín MMR tú féin nó do leanbh i gcoinne na bruitíní, chomh maith leis an leicneach agus rubella (ar a dtugtar
an bhruitíneach dhearg uaireanta).

Is galair víreasacha iad an bhruitíneach, an leicneach agus rubella agus tá siad fíorthógálach. Scaiptear iad nuair a thugann duine ar a bhfuil an galar an víreas do dhuine nach bhfuil cosanta i gcoinne an víris.

| Galar | Siomptóim Choitianta | Aimhréidheanna a D'fhéadfadh Teacht Chun Cinn |
|---|---|---|
| **An bhruitíneach** | Fiabhras<br>Gríos<br>Súile dearga pianmhara | Einceifilíteas (inchinn ata)<br>Niúmóine<br>Broincíteas<br>Ionfhabhtuithe cluaise |
| **An Leicneach** | Faireoga pianmhara ata faoin ngiall chomh maith le fiabhras | Meiningíteas<br>Bodhaire<br>Magairlí ata pianmhara ar fhir fhásta |
| **Rubella (Bruitíneach Dhearg)** | Fiabhras agus gríos | Má thagann rubella ar bhean thorrach, d'fhéadfadh a leanbh fulaingt mar gheall ar fhabhtanna móra breithe, lena n-áirítear daille, lot inchinne, bodhaire, fadhbanna croí agus aimhréidheanna tromchúiseacha eile |

## Cathain a thugtar an vacsaín MMR de ghnáth?

In Éirinn, tugtar a gcéad vacsaín MMR do pháistí ag 12 mhí d'aois. Faigheann leanaí an dara dáileog nuair a bhíonn siad 4-5 bliana d'aois, nuair a bhíonn siad i rang na naíonán sóisearach de ghnáth. I Sligeach, Liatroim agus Dún na nGall, tugann an dochtúir ginearálta an dara dáileog nuair a bhíonn páistí idir 4-5 bliana d'aois.

Tugann dhá dháileog den vacsaín MMR an chosaint is fearr.

## Cad a tharlaíonn má chaill mo leanbh nó gur chaill mé an vacsaín MMR?

Is féidir leat na dáileoga den vacsaín MMR atá caillte agat a fháil. Tá an vacsaín ar fáil ó do dhochtúir ginearálta.

Tá Dochtúirí Ginearálta ag tairiscint an MMR do leanaí agus d'aosaigh nach bhfuair an vacsaín MMR riamh ag na haoiseanna molta - an chéad dáileog ag 12 mhí agus an dara dáileog i rang na naíonán sóisearach.
Féadfaidh Dochtúirí Ginearálta an dá dháileog a thabhairt do vacsaíniú cúitimh MMR.

Tá an vacsaín MMR á tairiscint do leanaí agus d'aosaigh ag clinicí vacsaínithe FSS.

Think Measles leaflet – Irish
July 2024
HSE National Immunisation Office

## An bhfuil aon duine ann nach dteastaíonn vacsaín MMR uathu?

Má saolaíodh in Éirinn thú roimh 1978 is dócha go raibh ionfhabhtú na bruitíní ort agus nach dteastaíonn an vacsaín uait.

## An bhfuil aon duine ann nach ceart dóibh an vacsaín MMR a fháil?

**Is beag duine nár chóir dóibh an vacsaín MMR a thógáil. Níor chóir duit an vacsaín a fháil sna cásanna seo a leanas:**

- Tá tú ag iompar clainne.
- Bhí frithghníomh ailléirgeach dian (anaifiolacsas) agat le vacsaín MMR roimhe seo.
- Bhí frithghníomh ailléirgeach dian agat le haon chuid den vacsaín nó le neoimícin nó le geilitín atá sa vacsaín MMR.
- Níor cheart go bhfaigheadh leanaí faoi bhun 12 mhí an vacsaín MMR má bhí a máthair ag tógáil cógais ar a dtugtar infliximab le linn an toirchis.
- Níor cheart go bhfaigheadh leanaí a bhfuil cothú brollaigh á fháil acu ó mháthair atá ag tógáil infliximab, an vacsaín MMR.

**Cuir siar tógáil na vacsaíne MMR sna cásanna seo a leanas:**

- Tá tú tinn agus tá fiabhras ard ort.
- Tá dáileog ard cógas ar a dtugtar cortacaistéaróidigh á tógáil agat.
- Tá cóireáil á fáil agat amhail ceimiteiripe nó radaiteiripe.
- Tá tinneas nó galar ort a théann i bhfeidhm ar do chóras imdhíonachta.

Is féidir le do dhochtúir nó d'altra comhairle a chur ort más gá duit tógáil na vacsaíne a chur siar.

## An bhfuil nasc idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas?

Níl. Tá léirithe ag taighde nach bhfuil nasc ar bith idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas.

## An bhfuil aon fho-iarsmaí luaite leis an vacsaín MMR?

Ní bhíonn fadhb ar bith ag formhór na ndaoine tar éis na vacsaíne seo. Níl fo-iarsmaí chomh coitianta céanna i ndiaidh an dara dáileog den vacsaín MMR. Bíonn an áit inar tugadh an t-instealladh tinn, ata agus dearg uaireanta. Is annamh a bhíonn "bruitíneach éadrom" ar dhaoine le gríos agus fiabhras 6 go 10 lá ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh daoine "leicneach éadrom" a bheith orthu le hat san áit a bhfuil an giall, sa tríú seachtain tar éis dóibh an vacsaín a fháil. Níl siad seo tógálach agus imeoidh siad tar éis cúpla lá.

Is féidir leat féin nó le do leanbh paraicéiteamól nó iobúpróifein a thógáil chun tinneas agus pianta a mhaolú nó chun fiabhras a ísliú.

**Ba chóir duit moill a chur ar aon iarracht a bheith torrach go dtí go mbíonn mí amháin caite, tar éis duit an vacsaín MMR a fháil**

## Tuilleadh Eolais

**Má tá aon fhios uait nó ceist agat:**

Tá tuilleadh faisnéise faoin vacsaín MMR le fáil ag **www.immunisation.ie**

Tabhair cuairt ar **www.hpsc.ie** chun faisnéis a fháil faoi na galair thógálacha.

Chomh maith leis sin, tá naisc le bileog faisnéise othair faoi na vacsaíní le fáil ag **www.hpra.ie**. Cuardaigh Priorix nó MMRVaxPro (MMR) chun an bhileog faisnéise ábhartha d'othair a léamh.

Is féidir leat labhairt freisin le do dhochtúir nó le d'altra má tá aon cheist agat.

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin FSS chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chomharthaí agus siomptóim, cóireáil agus rioscaí na bruitíní **www2.hse.ie/conditions/measles**

**Iúil 2024**